Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9030/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0279(COD)**

**CODEC 1130**
**ASILE 65**
**MIGR 179**
**CADREFIN 78**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 604/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 23 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 78(2), pointe (e) agus Airteagal 79(2), pointí (a), (b) agus (c) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Feabhra 20212.

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 19 Márta 20213.

4. An 10 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 11213/20 + ADD 1 agus ADD 2.
[2] IO C 155, 30.4.2021, lch. 58.
[3] IO C 175, 7.5.2021, lch. 32.
[4] 8590/24.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle56 an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in

PE-CONS 21/24 é, a fhormheas mar ítim 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, leis an Ungáir, an Pholainn agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne agus an Ostair, Poblacht na Seice agus Málta ag staonadh.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

**5** I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é gur leasuithe iad Codanna III, V agus VII den Rialachán seo de réir bhrí Airteagal 3 den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear an Stát a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh sa Danmhairg nó in aon Bhallstát eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus maidir le córas 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath (IO L 66, 8.3.2006, lch. 38), ní mór don Danmhairg fógra a thabhairt don Choimisiún faoina cinneadh maidir lena bhfuil sna leasuithe sin a chur chun feidhme nó gan é a chur chun feidhme an tráth a ghlacfar na leasuithe nó laistigh de 30 lá ina dhiaidh sin.

**6** I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.